Eagarthóir Taighde (dhá phost)
Scála tuarastail: €37,750 – €38,860 – €40,003
Ar conradh 3 bliana (Aibreán 2011– Márta2014)

Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair: www.focal.ie, www.logainm.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus tionscadal téarmaí dlí bunaithe ar ionstraimí reachtúla agus foinsí eile. Tá meitheal taighde lánaimseartha in FIONTAR agus beidh na heagarthóirí a cheapfar ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann sin.

Obair théarmeolaíochta is mó a bheidh i gceist ach beidh obair ar na tionscadail uile i gceist ó am go ham. Beidh freagrachtaí comhordaithe tionscadal i gceist freisin. Beidh na heagarthóirí seo freagrach as réimsí den obair a fhobairt agus a stiúrú i gcomhar le baill foirne agus le mic léinn ar thaithí oibre de réir mar is gá mar aon le caighdeán na n-aschur a dheimhniú. Éilíonn an obair seo eagrúchán pearsanta, breithiúnas grinn agus scileanna maithe idirphearsanta.

Riachtanais:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge mar aon le céim Mháistreachta i réimse cuí.
PhD agus/nó taithí dhá bhliain lánaimseartha ar a laghad i bpost a bhain le sainréimse na teanga (i ról eagarthóireachta, taighde nó aistriúcháin mar shampla). Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar ghnéithe d'obair thaighde a phleanáil go céimnitheach, an obair a chomhordú as a stuaim féin agus na torthaí a léiriú agus a mheas. Ba bhuntáiste é oiliúint nó taithí a bheith ag iarrthóirí i dteicneolaíochtaí teanga agus eolas maith a bheith acu ar an téarmeolaíocht.

Tá caighdeán an-ard i gcruinneas na Gaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar. Sa chás nach mbeidh Séala Aistriúcháin Fhoras na Gaeilge ag iarrthóirí cheana, cuirfear tástáil scríofa sa Ghaeilge orthu mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tá an tionscadal focal.ie á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge agus tá páirtmhaoiniú ag na tionscadail eile ón Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta.

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 11 Feabhra 2011.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie

www.dcu.ie/vacancies/current.shtml
Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun na poist seo a phlé:

An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín
01-7005173
caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie